Údaráis Áitiúla na hIarmhí

Dréachtscéim Gaeilge
2007 - 2010

Deireadh Fómhair 2007

Clár **Leathanach**

Caibidil 1 **3**
Réamhrá agus cúlra
1.1 Taighde atá déanta
1.2 Ábhar na scéime teanga
1.3 Dáta tosach feidhme na scéime
1.4 Feidhmiú na scéime

Caibidil 2 **5**
Seirbhísí/gníomhaíochtaí ginearálta a chuireann Údaráis Áitiúla na hIarmhí ar fáil
2.1 Straitéis Chorparáideach
2.2 An struchtúr polaitiúil agus bainistíochta
2.3 Liosta custaiméirí/cliant
2.4 Forléargas ar sheirbhísí
2.5 Gníomhaíochtaí
2.6 Measúnú ar sheirbhísí Gaeilge reatha

Caibidil 3
Bearta na scéime & modh cumarsáide **10**
3.1 Doiciméadacht i scríbhinn/ Cumarsáid/Foirmeacha Iarratais
3.2 Cumarsáid ó Bhéal
3.3 Seirbhísí Cuntair
3.4 Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide
3.5 Íomhánna Corparáide, comharthaí, bearta ginearálta
3.6 Oiliúint agus forbairt

Caibidil 4 **12**
Monatóireacht, athbhreithniú & foilsiú na scéime comhaontaithe
4.1 Monatóireacht agus athbhreithniú
4.2 Poiblíocht don scéim chomhaontaithe

Aguisíní
Aguisín 1 – Doiciméid polasaí ollmhóra a fhoilseofar i nGaeilge **13**

Dréachtscéim Gaeilge
Údaráis Áitiúla na hIarmhí

Caibidil 1

Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Údaráis Áitiúla na hIarmhí an Scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus le haird ar na Treoirlínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 arna n-eisiúint ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. D'fhoilsigh Údaráis Áitiúla na hIarmhí fógra Rúin chun dréachtscéim a ullmhú de réir Alt 13(1)(a) den Acht, sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta araon, agus ar www.westmeathcoco.ie/. Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na scéime seo a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí Gaeilge ar fáil ar chaighdeán níos airde.

1.1 Taighde atá déanta

Agus an Scéim seo á hullmhú, chuaigh Údaráis Áitiúla na hIarmhí i mbun comhchomhairle mar seo a leanas

(i) Aighneachtaí ón bpobal maidir le hullmhú na dréachtscéime

(ii) Suirbhé do Chustaiméirí dár gcliant ag na cuntair Seirbhís do Chustaiméirí agus ag na Leabharlanna Poiblí

(iii) Suirbhé inmheánach ar fhoireann Údaráis Áitiúla na hIarmhí maidir lena gcumas Gaeilge agus an raibh siad sásta déileáil le cliaint trí Ghaeilge. Úsáidfear na torthaí sin mar thagarmharc nuair a dhéanfar dul chun cinn faoin scéim a mheas amach anseo.

(iv) Seimineár don fhoireann

Torthaí ón bhFoireann agus ó na Suirbhéanna Poiblí

Torthaí ón Suirbhé Foirne	
An líon foirne a d'fhreagair an suirbhé foirne	101
An líon den phobal a d'fhreagair an suirbhé don phobal	27
Comhaltaí foirne a bhfuil cumas measartha Gaeilge labhartha acu	39%
Comhaltaí foirne a bhfuil cumas maith Gaeilge acu	4%
Suim na foirne i ranganna Gaeilge	60%

Torthaí Suirbhé an Phobail	
An pobal a dhéanann a gcuid gnó trí Ghaeilge faoi láthair	7%
Suim an phobail a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge	44%

1.2 Ábhar na Scéime teanga

Soláthraíonn an scéim forléargas gonta ar Údaráis Áitiúla na hIarmhí, na seirbhísí a sholáthraímid agus leibhéal na seirbhísí a bheidh ar fáil trí Ghaeilge, i mBéarla agus sa dá theanga araon. Leis an scéim, leagtar amach gníomhartha a bheidh le tógáil laistigh d'fhráma ama comhaontaithe.

1.3 Dáta Tosach Feidhme na Scéime

Dheimhnigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim agus tiocfaidh sí i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2007. Beidh feidhm léi ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire scéim nua faoi bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé acu sin is luaithe.

1.4 Feidhmiú na Scéime

Tá ceadú iomlán na Comhairle agus na Foirne Bainistíochta ag an scéim, agus is iadsan a bheidh freagrach as feidhmiú foriomlán, monatóireacht agus athbhreithniú na scéime. Beidh na Stiúrthóirí Seirbhísí freagrach as feidhmiú na scéime laistigh dá stiúrthóireachtaí/rannóga féin agus beidh siad freagrach as tuairisciú ar dhul chun cinn an fheidhmithe uair sa bhliain ar a laghad nó gach 6 mhí más gá. Beidh ar gach Stiúrthóireacht/rannóg plean Gnímh a ullmhú agus mionsonraí a chur ina bpleananna gnímh bliantúla de na gníomhartha a bheidh riachtanach lena chinntiú go bhfeidhmeofar an Scéim, mar aon le spriocdhátaí a chomhfhreagraíonn le spriocdhátaí atá leagtha amach sa scéim. Féadfar oifigeach sinsearach laistigh de gach stiúrthóireacht/rannóg a ainmniú chun freagracht bhainistíochta a ghlacadh **as** feidhmiú laistigh de stiúrthóireacht/rannóg. Comhordóidh Oifigeach Sinsearach i nGnóthaí Corparáideacha feidhmiú corparáideach na scéime don eagraíocht ina hiomláine agus déanfar meastóireacht ar fheidhmíocht Údaráis Áitiúla na hIarmhí i dtabhairt i gcrích cheanglais na scéime agus tuairisceoidh ar na nithe sin chuig an gComhairle (trí thuarascáil bhliantúil nó trí mheicníocht chuí den sórt céanna).

Caibidil 2

Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta a chuireann Údaráis Áitiúla na hIarmhí ar fáil

2.1 Straitéis Chorparáideach

Tá straitéis chorparáideach na Comhairle leagtha amach inár bPlean Corparáideach 2005-2009 – "Putting People First". Seo a leanas na príomhghnéithe atá ann:

Ráiteas Misin
"Forbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha Chontae na hIarmhí a Stiúradh agus Seirbhísí d'Ardchaighdeán a Sheachadadh"

Tiomantas Corparáide:

- Iarracht a dhéanamh sástacht Custaiméirí a sheachadadh
- Gníomhú go macánta
- Caitheamh le daoine le meas
- Meas ar mhandáid dhaonlathach
- A bheith bródúil as ár gcuid oibre
- A bheith oscailte agus freagarthach
- A bheith solúbtha agus inoiriúnaithe maidir le hathrú agus constaicí
- Oibriú don leas coiteann

Prionsabail Trasrannacha:

- Forbairt inbhuanaithe
- Uilechuimsitheacht Shóisialta

Príomhthéamaí Tosaíochta

- Pleanáil d'fhorbairt an Chontae agus tionchar a imirt ar fhorbairt an Chontae - "Ag Pleanáil d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Chontae"
- Pobail a Thógáil – "Tacú le cur chuige lánpháirtithe, comhoibritheach agus spriocdhírithe maidir le forbairt pobail agus é sin a spreagadh agus a éascú"
- Seirbhís dár gcustaiméirí/saoránaigh – "Seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar ar shlí ghairmiúil"
- Cumas eagraíochtúil – "A bheith mar eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil"

2.2 Struchtúr Polaitiúil agus Struchtúr Bhainistíochta Shinsearach Údaráis Áitiúla na hIarmhí

Struchtúr Bainistíochta Sinsearach na Comhairle:



Struchtúr Polaitiúil na Comhairle

Cathaoirleach: An Comhairleoir M. Dollard **Leas-Chathaoirleach:** An Comhairleoir M. Cooney

Toghlimistéar Bhaile Átha Luain
An Comhairleoir Frankie Keena
An Comhairleoir Kieran Molloy
An Comhairleoir Tom Allen
An Comhairleoir Kevin "Boxer" Moran
An Comhairleoir Joe Whelan
An Comhairleoir Mark Cooney
An Comhairleoir John Dolan

Toghlimistéar an Chúil
An Comhairleoir Paddy Hill
An Comhairleoir Frank McDermott
An Comhairleoir Eugene Dolan

Toghlimistéar Chill Bheagáin
An Comhairleoir Joseph Flanagan
An Comhairleoir Mark Nugent
An Comhairleoir Tom Cowley
An Comhairleoir Michael Newman

Toghlimistéar Mhuileann gCearr Thoir
An Comhairleoir Jim Burke
An Comhairleoir Michael Dollard
An Comhairleoir Dan McCarthy
An Comhairleoir Patrick McLoughlin

Toghlimistéar Mhuileann gCearr Thiar
An Comhairleoir Robert Troy
An Comhairleoir Johnny Penrose
An Comhairleoir Ken Glynn
An Comhairleoir Detty Cornally
An Comhairleoir Fintan Cooney

Comhaltaí an Oireachtais Members
An Teachta Willie Penrose (T.D.)
An Teachta Mary O'Rourke (T.D.)
An Teachta Peter Kelly (T.D.)
An Teachta James Bannon(T.D.)
An Seanadóir Camillius Glynn
An Seanadóir Donnie Cassidy
An Seanadóir N. McFadden

Grúpa Polasaí Corparáide (Cathaoirleach, Bainisteoir Contae agus 4 chathaoirleach SPC) →

Coistí Polasaí Straitéiseacha (SPCanna)

- SPC Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha
- SPC Comhshaoil
- Forbairt Eacnamaíoch & Pleanáil →
- Iompar agus Infrastruchtúr

Bord Forbartha Contae (4 chathaoirleach SPC, Bainisteoir etc)

2.3 Liosta Custaiméirí/Cliant

- An tAire Comhshaoil agus an Roinn Comhshaoil
- Ranna Rialtais agus Oifigí Aireachta eile
- Custaiméirí Údaráis Áitiúla na hIarmhí agus an Pobal i gCoitinne
- Grúpaí Pobail Áitiúla
- Gníomhaireachtaí Stáit Eile
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha Eile
- Eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh
- Grúpaí Ceannaireachta
- Soláthróirí seirbhíse na hearnála príobháidí
- Gnólachtaí príobháideacha áitiúla

2.4 Forléargas ar na Seirbhísí a chuireann Údaráis Áitiúla na hIarmhí ar fáil

Tá Údaráis Áitiúla na hIarmhí roinnte go feidhmiúil sna Ranna a leanas.

- An Pobal & Fiontraíocht
- Seirbhísí Corparáideacha
- Forbairt Eacnamaíoch & Pleanáil
- Seirbhísí Comhshaoil
- Airgeadas
- Tithíocht & Sóisialta & Cultúr
- Iompar & Infrastruchtúr
- Seirbhísí Uisce

Is iad na príomhphointí seirbhíse don Chomhairle na ceithre Oifig Limistéir atá lonnaithe sa Mhuileann gCearr, i mBaile na gCros, i mBaile Átha Luain agus i gCill Bheagáin. Tá cuntar Seirbhís do Chustaiméirí tiomanta i ngach aon oifig. Tá líonra de 7 Leabharlann freisin ar fud an chontae agus tá teagmháil leathan do chustaiméirí iontu go léir. Bíonn teagmháil ag foireann nach bhfuil lonnaithe in oifig na Comhairle lenár gcustaiméirí sa bhaile agus go poiblí araon.

2.5 Na Gníomhaíochtaí a chuireann Údaráis Áitiúla na hIarmhí ar fáil

Leabharlanna

Tá líonra de 7 leabharlann i seirbhís Leabharlainne an Chontae ar fud an Chontae, cuirtear seirbhís pobail chuimsitheach ar fáil, cuirtear ábhar léitheoireachta agus tagartha ar fáil mar aon le hábhar closamhairc do dhaoine fásta agus do leanaí.

Seirbhísí Corparáideacha

Tá Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha freagrach as próiseas daonlathach na Comhairle a riaradh. Soláthraíonn an Roinn seo seirbhís rúnaíochta agus bítear rannpháirteach in ullmhú an Chlár Oibre, Miontuairiscí agus doiciméadacht tacaíochta do Chruinnithe Reachtúla, do Chruinnithe Bliantúla agus do Chruinnithe Speisialta na Comhairle. Bíonn Seirbhísí Corparáideacha freagrach as Clár na dToghthóirí, as an Scéim Deontais Ard-Oideachais agus as Caidrimh Phoiblí etc. freisin.

Seirbhísí Comhshaoil

Tá Roinn na Seirbhísí Comhshaoil freagrach as an gcomhshaol a chosaint ar fud an chontae. Áirítear air sin, an reachtaíocht comhshaoil reatha go léir a fhorfheidhmiú sna réimsí Bhainistiú Dramhaíola agus Rialú ar Thruailliú. Ina theannta sin, táthar freagrach as Feasacht Comhshaoil a chur chun cinn.

An Roinn Tithíochta

Soláthraíonn an Roinn Tithíochta cóiríocht do dhaoine trí thithíocht ar cíos a sholáthar go díreach agus trí úinéireacht tí baile a chur chun cinn trí scéimeanna iasachta éagsúla a chuirtear ar fáil. Is é ról na Comhairle mar Údarás Tithíochta a chinntiú go mbeidh áitreabh ag gach líon tí a bheidh oiriúnach dá riachtanais ag praghas nó ar chíos inacmhainne.

An Roinn Bóithre & Iompair

Tá Údaráis Áitiúla na hIarmhí freagrach as bóithre poiblí a thógáil agus a chothabháil sa chontae. Áirítear air sin, freagracht as Bóithre Náisiúnta agus Bóithre Neamhnáisiúnta a phleanáil, a dhearadh agus a fhorbairt. Áirítear orthu sin, breithnithe sábháilteachta agus cothabháil leanúnach chun líonra sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais an chontae maidir le Forbairt Tionscail, Talmhaíochta agus Pobail.

An Roinn Mótarchánachais

Tá an Roinn Mótarchánachais freagrach as Ceadúnais Tiomána agus Feithiclí a eisiúint mar aon le feidhmeanna agus seirbhísí gaolmhara thar ceann an Rialtais Láir. Déantar gach airgead a thabhairt chun sochair Ciste Rialtais Áitiúil.

An Roinn Seirbhísí Uisce

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as scéimeanna soláthair uisce poiblí, saoráidí cóireála fuíolluisce, áiseanna poiblí agus áiteanna adhlactha ar fud an chontae a oibriú agus a chothabhail, de réir Reachtaíocht agus Polasaí Náisiúnta agus AE reatha.

An Roinn Pleanála

Is é fís na Roinne Pleanála pleanáil d'ardchaighdeán a éascú agus a chur chun cinn, talamh, acmhainní agus infrastruchtúir a úsáid go héifeachtúil agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus timpeallacht nádúrtha agus thógtha an chontae uathúil seo a chosaint le rannpháirtíocht na saoránach an méid agus is féidir i bhforbairt fisiciúil, eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an chontae.

Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as na cistí go léir a íoctar leis an gComhairle agus a íocann an Chomhairle a chuntasú. Maoinítear ioncam na Comhairle nó an caiteachas ó lá go lá ó fhoinsí mar na Rátaí Tráchtála, Muirear Uisce Tráchtála, Deontais Rialtais agus foirmeacha ioncaim éagsúla eile mar thobhaigh Forbartha, cíos tithíochta, táillí iarratais phleanála etc., Braitheann an méid cistí caipitil a bhíonn ar fáil ar leithroinntí Rialtais sna réimsí a leanas Tithíocht, Bóithre, Seirbhísí Comhshaoil, etc. Is feidhmeanna den Rannóg Airgeadais iad Bainistiú Maoine/Clár Sócmhainní freisin.

Acmhainní Daonna

Tá an Roinn Acmhainní Daonna freagrach as foireann nua a earcú agus a roghnú, an fhoireann a oiliúint agus a fhorbairt, polasaithe a chuidíonn leis an teaghlach a chur chun cinn, tinreamh a bhainistiú, caidrimh fostaithe agus Comhphairtíocht san áit oibre.

An Roinn Seirbhísí Dóiteáin

Tá an Roinn Seirbhísí Dóiteáin freagrach as freagairt do chásanna éigeandála trí bhriogáidí, mar aon le foirgnimh a mheas maidir le sábháilteacht dóiteáin agus comhairle a thabhairt maidir le sábháilteacht dóiteáin. Soláthraíonn an Roinn Seirbhísí Dóiteáin Seirbhís Bríogáide Dóiteáin 24 uair an chloig/365 lá sa bhliain don chontae, agus áirítear ar an tseirbhís sin freagairt do dhoiteáin, tionóiscí tráchta bóithre agus cásanna éigeandála eile.

An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise

Tá Roinn Teicneolaíochta Faisnéise na Comhairle freagrach as córais ríomhairí na Comhairle a chothabháil, forbairt straitéisí Teicneolaíochta Faisnéise na Comhairle a mhaoirsiú agus tacú le ranna eile maidir le seachadadh seirbhíse.

Cosaint Shibhialta

Is é ról na Cosanta Sibhialta cuidiú in oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, i dtimpistí agus i gcásanna tionóisce ollmhóra agus acmhainn d'oibrithe deonacha oiliúnaithe, trealamh agus tacaíocht loighistiúil a sholáthar chun déileáil le cásanna tacaíochta pobail agus cásanna éigeandála éagsúla.

Ealaíona, Cultúr agus Oidhreacht

Áirítear sa phríomhréimse oibre seo rochtain ar na healaíona i gContae na hIarmhí, rannpháirtíocht agus feasacht i dtaobh na n-ealaíon a chur chun cinn.

Pobal agus Fiontraíocht

Tacaíonn an Roinn Pobail agus Fiontraíochta leis an mBord Forbartha Contae (CDB) agus le forbairt polasaithe agus tionscnaimh le fócas uilechuimsitheachta sóisialta agus fiontraíochta d'Údaráis Áitiúla na hIarmhí.

2.6 Measúnú ar Sheirbhísí Gaeilge Reatha

Níl aon Roinn de chuid Údaráis Áitiúla na hIarmhí ábalta seirbhísí a sheachadadh go cuimsitheach trí Ghaeilge.

Caibidil 3

Bearta na Scéime & Modh Cumarsáide leis an bPobal/Eolas don phobal

Cuirtear go leor de mhodhanna cumarsáide Údaráis Áitiúla na hIarmhí leis an bpobal i gcoitinne i dtaobh soláthair seirbhísí ar fáil trí Bhéarla faoi láthair, agus cuirtear roinnt ar fáil trí Ghaeilge. Áirítear na nithe a leanas ar na modhanna cumarsáide sin:

- Bróisiúir & Bileoga Eolais
- Foirmeacha Iarratais
- Foilseacháin
- Preasráitis
- Cumarsáid duine le duine ag ár gcuntair Seirbhís do Chustaiméirí agus ag na Leabharlanna
- An tIdirlíon

Seo a leanas gníomhartha sonracha faoin scéim seo:

Cuspóir 3.1 Doiciméadacht i Scríbhinn/ Cumarsáid/Foirmeacha Iarratais

	Gníomh	Sprioc
3.1.1	Táirgfear gach foirmeacha iarratais a fhoilseoidh an Chomhairle i mBéarla agus i nGaeilge araon agus beidh tábhacht comhionann ag an dá leagan. Foilseofar foirmeacha iarratais laistigh d'aon chlúdach amháin ach amháin mura mbeidh sin indéanta mar gheall ar mhéid, ar nádúr nó ar leagan amach an doiciméid.	Deireadh 2007
3.1.2	Lorgófar foirmeacha iarratais a úsáideann nó a sholáthraíonn an Chomhairle, a eisíonn comhlacht eile i nGaeilge amháin agus go dátheangach araon.	Deireadh 2007
3.1.3	Cuirfear bróisiúir agus bileoga eolais reatha a tháirgeann an Chomhairle ar fáil go dátheangach nuair a dhéanfar an stoc a athnuachan.	Deireadh 2008
3.1.4	Lorgófar bróisiúir agus bileoga eolais a úsáideann nó a sholáthraíonn an Chomhairle, a eisíonn comhlacht eile i nGaeilge amháin agus go dátheangach araon.	Deireadh 2008
3.1.5	Foilseofar Doiciméid Polasaí Ollmhóra i mBéarla agus i nGaeilge araon (féach Aguisín 1). Foilseofar doiciméid laistigh d'aon chlúdach amháin ach amháin mura mbeidh sin indéanta mar gheall ar mhéid, ar nádúr nó ar leagan amach an doiciméid.	Deireadh 2008
3.1.6	Táirgeofar preasráitis a bhaineann le nithe a mbeidh leas Gaeilge iontu go dátheangach agus scaipfear iad go comhuaineach.	Deireadh 2007
3.1.7	Fáilteoidh an Chomhairle roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.	Leanúnach
3.1.8	Níor chóir go mbeadh aon mhoill mhíchuí i gceist le comhfhreagras a dhéanamh leis an gComhairle trí Ghaeilge. Gheobhaidh gach comhfhreagras freagra laistigh de sprioctréimhse atá leagtha síos san Phlean Gnímh do Chustaiméirí.	Leanúnach

Cuspóir 3.2 Cumarsáid ó Bhéal

	Gníomh	Sprioc
3.2.1	Beidh foireann Seirbhís do Chustaiméirí /an lasc-chláir ábalta ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt i nGaeilge	Tús na Scéime
3.2.2	Beidh foireann Seirbhís do Chustaiméirí/an lasc-chláir ar an eolas maidir leis na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar a laghad, agus beidh siad ábalta iarratas ar sheirbhís i nGaeilge a fhreagairt agus custaiméirí a chur i dteagmháil leis an oifigeach cuí atá freagrach as an tseirbhís a bheidh riachtanach a chur ar fáil trí Ghaeilge leis an laghad moille agus is féidir, sa chás go bhfuil a leithéid ar fáil.	Deireadh 2008
3.2.3	Cinnteoidh an Chomhairle laistigh de thréimhse na scéime go mbeidh comhalta amháin ar a laghad den fhoireann Seirbhís do Chustaiméirí agus duine amháin sa tSeirbhís Leabharlainne ábalta seirbhís dhátheangach a chur ar fáil.	Deireadh 2007
3.2.4	Sa chás nach mbeidh duine a bhfuil Gaeilge ar a toil aici/thoil aige ar fáil chun déileáil leis an bhfiosrúchán, tabharfar rogha don duine a bheidh ag glaoch go nglaofar ar ais air/uirthi nó go leanfar ar aghaidh trí Bhéarla.	Deireadh 2007

Cuspóir 3.3 Seirbhísí Cuntair

	Gníomh	Sprioc
3.3.1	Fáilteoidh an Chomhairle roimh dhaoine le Gaeilge nó le Béarla chuig a cuid oifigí.	Deireadh 2007
3.3.2	Beidh beannacht shimplí dhátheangach roimh gach duine a thiocfaidh go dtí na cuntair phoiblí	Deireadh 2007
3.3.3	Caithfear le gach duine a thiocfaidh go dtí na cuntair go cúirtéiseach agus go comhionann agus de réir phrionsabail Sheirbhís do Chustaiméirí d'Ardchaighdeán	Deireadh 2007
3.3.4	Cinnteoidh Údaráis Áitiúla na hIarmhí, trí earcú, uas-sciliú nó imlonnú, agus i gcomhairle leis an bhfoireann agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha araon go mbeidh seirbhís chuntair agus seirbhís theileafóin dhátheangach go hiomlán ar fáil ó aonaid seirbhíse do chustaiméirí Mhuileann gCearr agus Bhaile Átha Luain faoi dheireadh na scéime reatha.	Deireadh 2009

Cuspóir 3.4 Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide

	Gníomh	Sprioc
3.4.1	Beidh gach séanadh nó teachtaireacht caighdeánach ar ríomhphost dátheangach.	Deireadh 2007
3.4.2	Beidh láithreán gréasáin na Comhairle, lena n-áirítear gach seirbhís idirghníomhach nua & reatha dátheangach agus féadfar athrú idir teangacha ar an láithreán gréasáin.	Deireadh 2008
3.4.3	Foilseofar gach ábhar ar an láithreán gréasáin go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	Deireadh 2008
3.4.4	Féadfar an Ghaeilge a úsáid ar gach córas ríomhairí nua agus seirbhísí poiblí tacaíochta. Déanfar córais reatha a oiriúnú ar an gcuma chéanna an chéad uair eile a dhéanfar iad a uasghrádú	Deireadh 2009

Cuspóir 3.5 Íomhánna Corparáide, Comharthaí, Bearta Ginearálta

	Gníomh	Sprioc
3.5.4	Déanfaidh Údaráis Áitiúla na hIarmhí, nuair a lorgófar sin, a gcuid gnó le Gaelscoileanna agus le hEagraíochtaí Gaeilge eile trí mheán na Gaeilge, an méid agus is féidir sin.	Deireadh 2007

Aithníonn *Údaráis Áitiúla na hIarmhí* an tábhacht atá le fórsa oibre ardoilte a bheith acu chun seachadadh seirbhíse éifeachtúil agus éigeachtach a chinntiú. Má tá feabhas leanúnach le coimeád, caithfimid eolas, scileanna agus inniúlachtaí na foirne go léir a fhorbairt an méid agus is féidir sin a dhéanamh. Tá infheistíocht ollmhór i gceist leis sin maidir le hoiliúint agus forbairt.

Cuspóir 3.7 Oiliúint agus Forbairt

	Gníomh	Sprioc
3.6.1	Caithfear a chinntiú go spreagfar an fhoireann go léir agus gach Comhalta agus go dtabharfar gach deis dóibh feabhas a chur ar a gcuid scileanna Gaeilge trí chúrsaí oiliúna agus forbartha le súil agus feabhas a chur ar an tseirbhís trí Ghaeilge a chuirtear ar fáil.	Deireadh 2007
3.6.2	Feasacht teanga a chur san áireamh mar chuid d'oiliúint Ionduchtúcháin agus Seirbhís do Chustaiméirí.	Deireadh 2007
3.6.3	Clár oiliúna Gaeilge a fheidhmiú ar bhonn céimnithe. Spreagfar foghlaimeoirí Gaeilge freastal ar ranganna cuí.	Deireadh 2007

Caibidil 4

Monatóireacht, Athbhreithniú & Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe

4.1 Monatóireacht & Athbhreithniú

Coimeádfaidh Údaráis Áitiúla na hIarmhí ,tríd an bhfoireann bainistíochta sinsearach, oibriú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú go príomha trí na meicníochtaí a leagtar amach in 1.4. Foilseofar mionsonraí maidir leis an dul chun cinn i dTuarascáil Bhliantúil Údaráis Áitiúla na hIarmhí freisin.

4.2 Poiblíocht don Scéim Chomhaontaithe

Déantar ábhar na scéime seo a chur in iúl don phobal i gcoitinne trí na nithe seo a leanas:-

- ♦ Preasráiteas
- ♦ Seoladh Oifigiúil
- ♦ Foilsiú ar láithreán gréasáin na Comhairle agus ar an Inlíon
- ♦ Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí, comhlachtaí poiblí agus ar dhaoine aonair cuí a léirigh suim
- ♦ Cuireadh cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga freisin.

Aguisín 1

Doiciméid Polasaí Ollmhóra a fhoilseofar i nGaeilge

Plean Corparáideach
Tuarascáil Bhliantúil
Plean Gnímh maidir le Seirbhís do Chustaiméirí
Plean Ealaíon
Ráiteas Airgeadais Bliantúil (nuair a bheidh an iniúchadh críochnaithe ag Iniúchóir an Rialtais Áitiúil agus an AFS sínithe aige/aici)
Tuarascáil an Bhoird Forbartha Contae
Plean Oidhreachta
Straitéis Chultúrtha Shóisialta Eacnamaíoch arna ullmhú ag an CDB
Plean Réigiúnach Bhainistiú Dramhaíola
Plean Forbartha Contae